

chosnóidh an deisiú seo ach tá súil againn nach mbeidh orainn pingin rua a iarraidh ar mhuintir na háite lena haghaidh.

Coiste an Uisce

Ba fo-choiste de chuid an Chumann Forbartha Coiste an Uisce. Rinne Coiste an Uisce an grúpscéim uisce ba mhó sa tír ag an am sin ach tharraing sé caint an oiread deontas a fháil don scéim sin agus a d'íoc na conraitheoirí — Comharchumann Chois Fharraige. Tá na deontais faighte anois do scéim Bhaile na mBrabhach agus nuair a bhéas an scéim seo críochnaithe beidh uisce tugtha do chuile theach le cladach a bhí dá iarraidh.

Cuireann an Cumann brú ar na Ranna Stáit, ar an gComhairle Contae, agus ar eagrais stáit, seirbhísí ó sraidhpeáil talúna go deasú bóithre a dhéanamh san áit. Tá an reilig nua oscailte faoi dheireadh ach níl an bóthar ó dhroichead an Spidéil go ceann bhóthar na céibhe leathnaithe fós, tar éis an méid tráchta a bhíonns idir an droichead agus an chéibh i gcaitheamh an tsamhraidh.

Coiste na Páirce

Tá páirc pheile agus pionúir liathróide láimhe dá

Siobhán Bn. Uí Fhatharta

An Lochán Beag



GRUAIGEADÓIR

Fón: 73121

ndéanamh i dtalamh an tsagairt ar an gCnoc. Cosnóidh an obair seo os cionn £60,000 agus tá an chuid is mó den airgead sin bailithe ag Coiste na Páirce. Tá deontas faighte ó Roinn na Gaeltachta le haghaidh na hoibre agus friothadh an talamh saor in aisce ón Ard-Easpag.

D'eagraigh mná na háite díolachán earraí chuile Nollaig le cúig bliana agus rinne siad os cionn £2,500 brabach ar dhíolachán na bliana seo caite amháin. Thug an Cumann Forbartha an méid airgid a fuair siad ó Ghaeltarra ar shuíomh Mheic Teo i dteannta le duaiseanna Chomórtas Forbartha Pobal Ghaeltarra Éireann do chiste na páirce freisin.

Éilimh

Obair a chur ar fáil sa mbaile do na daoine óga an príomh-aidhm a bhí againne le blianta fada. Bhí, agus tá, fáilte san áit seo roimh aon duine a thugann saothrú do dhaoine. Uaidh seo amach beidh an cumann forbartha ag iarraidh ar Ghaeltarra Éireann, ar a gcomharba, agus ar na húdaráis eile atá ag déileáil leis an nGaeltacht:

1. Cumhacht iomlán a thabhairt do mhuintir na Gaeltachta i riaradh a ngnáthí féin;
2. Gan aon forbairt a dhéanamh a neartóidh an

TIGH TUOHY

Ostán Salerna

Ól do dheoch ar do chompóirt



Fón: 73101

Ghaeltacht agus a chuideoidh le muintir na háite;
3. Gur trí chomharchumann, agus nach trí chaoirigh dhubha nach bhfuil suim acu i muintir na háite, a dhéanfar aon fhorbairt gur féidir uaidh seo amach. Sé Cumann Forbartha Chois Fharraige an chéad choiste paráiste a d'iarr Údarás Gaeltachta agus a d'eagraigh Coistí Pobail Chonamara i gComhchoiste. Is é freisin a chuir bun faoi thoghcháin daonlathacha na gCoistí.

Sé Cumann Forbartha Chois Fharraige an chéad choiste paráiste a d'iarr Údarás Gaeltachta agus a d'eagraigh coistí pobail Chonamara i gcomhchoiste. Is é freisin a chuir bun faoi thoghcháin daonlathacha na gcoistí.

An Comharchumann

Cinnteadh seo go neartófar an Ghaeltacht. D'fheicfeadh dall gan súil an leas atá déanta ag Comharchumann Chois Fharraige san áit seo ach is éasca do Bhéarlóirí atá i mbun tionscal sa nGaeltacht airgead a dhiúl as sparán Ghaeltarra ná aon Chomharchumann Gaeltachta. Ní mór cuimhneamh gurb iad na scarshealbhoirí crann taca na gComharchumann agus go bhfuil go leor oibre déanta ag comharchumann sa nGaeltacht le trí bliana déag. Is ar an riachtanas áitiúil a dhéanann sé freastal agus tugann na coistí chuile chúnamh don bhainistíocht.

An Ghaeilge

Cé go bhfuil an Cnoc ar cheann de na paráistí is mó Gaeilge sa tír níl aon chinnteacht go mbeidh an Ghaeilge beo ann faoi cheann leathchéad bliain. Tá tuismitheoirí as éadan ag ceilt na Gaeilge ar a gcuid gasúr cé nach mba aon ualach orthu í a bheith acu. Is deacair an mhíthuiscint seo a thógáil ar mhuintir na háite nuair atá Gaeltarra agus daoine atá ag obair don stát ag marú na Gaeilge ar an teaghlach agus ag déanamh láchaín léi go poiblí.

Is fiú d'aithreacha agus do mháithreacha a chinntiú go mbeidh togha an Bhéarla ag a gcuid gasúr ach mura mbeidh an Ghaeilge freisin ón gcliabhán acu ní bheidh ionga ná orlach farrasbarr acu ar a gcomhaoiseannaí sa nGalltacht — má bhíonn siad chomh maith ar chor ar bith leo. D'fhéadfadh faisean seo an Bhéarla an paráiste seo a ghlanadh do léarscáil na Gaeltachta. Má tharlaíonn sin ní bheidh obair ná airgead chomh fairsing san áit is atá faoi láthair. Tá sé in am againn cuimhneamh ar sin.

SPAILPÍNTEACHT

Chaith mé seal mar spailpín tráth,
I mBaile an Chláir taobh thoir de Ghaillimh,
As sin soir go Caisleán Gearr,
Tamhain, is Mearaí, is Caisleán Lampairt.

Gan bhrón gan bhuairt, i m'óige tráth
Is iomaí áras ar chaith mé seachtain,
Shiúil mé liom ó bhun go barr
Ó d'fhágainn Mearaí go dtéinn go Creachmhaoil.

Is iomaí taisteal fada is gearr,
Bóithrí míne is Creagáin gharbh,
Trasna páirce ó áit go háit,
Ach ar Bhaile an Chláir ba mhian liom tarraingt.

Ó dhubh go dubh is ó réalt go réalt'
's ansiúd sa bpáirc go dtí am leapan,
Ní fios dhom fós 's ar chaith mé ann
An dubh nó bán a bhí na ballaí.

Nach mór é a saint, a maoin, is a stór,
Feilm mhór le gabháltas 's acraí,
Ach breathnaigh romhat níl sa saol ach ceo
Ní bheidh a'inn fós ach leithead ár ndroma.

Gluaisim liom 's mo mhála i gcóir,
Is beagán lóin bhíodh a'm le haghaidh an bhealaigh,
Thosaínn thíos ag Cairn Mhór
Nó go dtéinn ag ól i mBaile an Teampaill.

Nuair a bhí an t-am thuas i dteach an óil
'S na piontaí lán ansiúd im'aice,
Ansin ar bórd le gach saghas óil
Fuisce, fíon, rum, ale is brandaí.

D'iarras spás ar fhear an óil
"Fan go fóill go n-ólfad scallach"
"Sin é an doras; níl am ainm dó.
Bí 'muigh go beo agus gluais go tapáí.

Máirtín Ó Currín
Na hAille.